



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ na hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2012

Gaeilge

TUAIRISC AN PHRÍOMHSCRÚDAITHEORA - BONNLEIBHÉAL

TUAIRISC AN PHRÍOMHSCRÚDAITHEORA - GNÁTHLEIBHÉAL

TUAIRISC AN PHRÍOMHSCRÚDAITHEORA – ARDLEIBHÉAL

AN CLÁR

1.	Réamhrá Ginearálta	3
1.1	An Siollabas	3
1.2	An Scrúdú	3
1.3	Na hIarrthóirí	4
2.	Bonnleibhéal	5
2.1	Réamhrá	5
2.2	Gnóthachtáil na nIarrthóirí	7
2.3	Anailís ar Ghnóthachtáil na nIarrthóirí	7
2.4	Tátail	10
2.5	Moltaí do Mhúinteoirí agus do Dhaltaí	11
3.	Gnáthleibhéal	13
3.1	Réamhrá	13
3.2	Gnóthachtáil na nIarrthóirí	14
3.3	Anailís ar Ghnóthachtáil na nIarrthóirí	15
3.4	Tátail	21
3.5	Moltaí do Mhúinteoirí agus do Dhaltaí	23
4.	Ardleibhéal	25
4.1	Réamhrá	25
4.2	Gnóthachtáil na nIarrthóirí	26
4.3	Anailís ar Ghnóthachtáil na nIarrthóirí	27
4.4	Tátail	31
4.5	Moltaí do Mhúinteoirí agus do Dhaltaí	33

1 Réamhrá Ginearálta

1.1 An Siollabas

Eisíodh siollabas nuashonraithe don Ghaeilge san Ardteistiméireacht sa bhliain 2010. Athbhreithniú agus uasdátú ba ea é ar an siollabas a bhí ann roimhe agus ba in 2012 a cuireadh faoi scrúdú den chéad uair é. Tá siollabas ar leith ann don Ghaeilge ag an mBonnleibhéal san Ardteistiméireacht (ATBL) agus tá siollabas comónta ann ag an nGnáthleibhéal (ATGL) agus ag an Ardleibhéal (ATAL). Déantar luacháil éagsúil ar na comhpháirteanna difriúla ag an dá leibhéal sin den siollabas comónta.

1.2 An Scrúdú

Déantar an Ghaeilge a scrúdú ag trí leibhéal i scrúdú na hArdteistiméireachta, ag an Bonnleibhéal, ag an nGnáthleibhéal agus ag an Ardleibhéal.

Cuireadh i bhfeidhm den chéad uair in 2012 na hathruithe móra polasaí a foilsíodh in 2007. Ba iad na scoláirí a thosaigh ar an oideachas dara leibhéal i Meán Fómhair 2007 a cuireadh faoi scrúdú in 2012. De thairbhe na n-athruithe polasaí, bhí athrú mór ar struchtúr an scrúdaithe a rinne na scoláirí sin san Ardteistiméireacht thar mar a bhíodh roimhe sin, agus go háirithe ar luacháil na gcomhpháirteanna éagsúla den mheasúnacht (Béaltrial, Cluastuisceant agus páipéar scríofa). Seo thíos na luachálacha éagsúla roimh 2012 agus mar a bheidh as sin amach.

Roimh 2012				Ó 2012 ar aghaidh		
Ardteistiméireacht	Béaltrial	Cluastuisceant	Scríofa	Béaltrial	Cluastuisceant	Scríofa
Gnáthleibhéal	25%	20%	55%	40%	10%	50%
Ardleibhéal	25%	16.7%	58.3%	40%	10%	50%
Bonnleibhéal	25%	30%	45%	40%	20%	40%

Ar na hathruithe a cuireadh i bhfeidhm bhí sraitheanna pictiúr mar chuid den Bhéaltrial Chomónta (Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal), an Trial Chluastuisceana a bheidh mar chuid chomhtháite den scrúdú scríofa, agus laghdú ar an am a bhí ag na hiarrthóirí chun an Trial Chluastuisceana agus an páipéar scríofa a fhreagairt. Ba bheag iad

na hathruithe a rinneadh ag an mBonnleibhéal, agus ba leis na bloic ar a mbunaítear an comhrá sa Bhéaltrial ar an mBonnleibhéal ba mhó a bhain siad.

Ag an mBonnleibhéal scrúdaítear i gcónaí cumas labhartha, cumas léitheoireachta, cumas éisteachta agus cumas scríofa na n-iarrthóirí. Ní chuirtear aon cheist faoi litríocht na Gaeilge. Ag an Ardleibhéal agus ag an nGnáthleibhéal, scrúdaítear cumas na n-iarrthóirí sna ceithre roinn chéanna sin – labhairt, léamh, éisteacht agus scríobh – agus, lena chois sin, bíonn ceisteanna le freagairt acu ar an litríocht (Prós agus Filíocht). Bíonn ag na hiarrthóirí Ardleibhéil ceisteanna a fhreagairt ar Litríocht Bhreise freisin. Déantar measúnú ar Stair Litríocht na Gaeilge mar chuid den Phrós agus den Philíocht sa chóras nua measúnaithe.

Déanfar plé níos iomláine ar struchtúr gach leibhéal ar leith sna ranna thíos. Tugtar gach eolas faoi struchtúr na scrúduithe Gaeilge in Imlitir S90/10 atá ar fáil ar shuíomh gréasáin Choimisiúin na Scrúduithe Stáit, www.examinations.ie.

1.3 Na hIarrthóirí

Tá briseadh síos ar chéatadán na n-iarrthóirí ag na leibhéil éagsúla i dTábla 1 thíos.

Bliain	ATBL % den Iomlán	ATGL % den Iomlán	ATAL % den Iomlán
2012	9.7	53.2	37.1
2011	10.9	56.8	32.3
2010	9.8	57.6	32.6
2009	10.6	57.0	32.4
2008	10.9	57.8	31.3
2007	10.3	58.3	31.4

Tábla 1 Briseadh Síos Céatadánach ar líon na nIarrthóirí ag na Leibhéil éagsúla.

Mar is léir ón tábla, tá méadú suntasach tar éis teacht ar líon na n-iarrthóirí a thugann faoin scrúdú ag an Ardleibhéal, titim den mhéid chéanna, a bheag nó a mhór ar an líon a thugann faoin nGnáthleibhéal agus titim bheag ar an gcéatadán a dhéanann an Bonnleibhéal.

2 An Bonnleibhéal

2.1 Réamhrá

2.1.1 An Siollabas

Is é an siollabas céanna é atá i bhfeidhm ag an mBonnleibhéal is a bhí ann le blianta beaga anuas. Is amhlaidh nach ndearnadh san athbhreithniú ach é a nuashonrú agus a thabhairt suas chun dáta, i dtaca le téarmaíocht agus le réimse na dtopaicí de go háirithe.

2.1.2 An Scrúdú (600 marc)

Tá trí chuid i scrúdú na Gaeilge ag an mBonnleibhéal den Ardeistiméireacht:

- (a) An Bhéaltriail (240 marc)
- (b) An Páipéar Scríofa
 - Triail Chluastuisceana (120 marc)
 - Léamhthuiscint (150 marc) agus
 - Scríobh na Teanga (90 marc)

(a) An Bhéaltriail (240 marc)

Mar a fógraíodh in Imlitir 0042/2007, méadaíodh riar na marcanna don Bhéaltriail ó 150 marc (25% de mhóriomlán na marcanna) go dtí 240 marc (40% de mhóriomlán na marcanna) le haghaidh na bliana 2012 agus na mblianta as sin ar aghaidh. Níor athraíodh an cur chuige ná na critéir mheastóireachta ach rinneadh mionathruithe ar na bloic ar a bhfuil an comhrá bunaithe.

Ar na ceithre bhloc seo atá an comhrá bunaithe:

Bloc 1	An Teaghlach agus Áit Chónaithe
Bloc 2	An Scoil agus Cúrsaí Scoile
Bloc 3	Caitheamh Aimsire
Bloc 4	Laethanta Saoire; Am agus Aimsir; Obair

Fad: 8 – 10 nóiméad.

Déantar na bloic a mharcáil as 50 marc ($50 \text{ marc} \times 4 = 200$) i dtaca le cumas cumarsáide de agus déantar an cumas Gaeilge a mharcáil as 40 marc.

(b) An Páipéar Scríofa

Cuid I – Cluastuisceant (120 marc)

I ngeall ar an laghdú ar riar na marcanna don Triail Chluastuisceana (ó 180 marc go 120 marc) agus i ngeall ar an ngearradh siar dá réir ar an am, agus ar mhaithe le dea-riar na scrúduithe, tá an Triail Chluastuisceana ina cuid chomhtháite den Pháipéar Scríofa (Bonnleibhéal) ó 2012 ar aghaidh. Tosaíonn an páipéar leis an Triail Chluastuisceana agus leanann gan bhriseadh leis an gcuid eile den pháipéar scríofa.

Scrúdú thart ar 30 nóiméad atá ann. Éistean iarrthóirí le hocht mír chainte, idir phíosaí cainte ag duine aonair agus chomhráite bunaithe ar thopaicí an tsiollabais. Bíonn na trí mhórchanúint le cloisteáil agus cothromaíocht idir glórtha fear agus ban. Ceisteanna ilroghnacha a bhíonn le freagairt ag na hiarrthóirí chun a dtuisceant ar na míreanna cainte a léiriú.

Cuid II – Roinn I – Léamhthuisceant (150 marc)

Trí cheist a bhí ar an bpáipéar:

Ceist 1: Meaitseáil (40 marc)

Ceist 2: Dhá cheann díobh seo:

Litir / Bróisiúr / Scéal Nuachta (25 marc + 25 marc = 50 marc)

Ceist 3: Dhá cheann díobh seo:

Alt / Giota / Dán (30 marc + 30 marc = 60 marc)

Cuid II – Roinn II – Scríobh na Teanga (90 marc)

Ceist 4: Dhá cheann díobh seo ar an bpáipéar, ceann amháin le freagairt (40 marc)

Fógra **nó** Freagra scríofa ar chuireadh **nó** Litir **nó** CV.

Ceist 5: Dhá cheann díobh seo ar an bpáipéar, ceann amháin le freagairt (50 marc)

Cuntas leanúnach bunaithe ar phictiúir **nó** ar stór focal teorach

2.2 Gnóthachtáil na nIarrthóirí

4,153 iarrthóir a rinne an scrúdú Gaeilge ag an mBonnleibhéal in 2012. Is ionann sin agus 9.6% den chohórt iomlán, an céatadán is ísle le tamall maith de bhlianta.

NA TORTHAÍ IOMLÁNA

Bliain	Líon	A1	A2	B1	B2	B3	C1	C2	C3	D1	D2	D3	E	F	N/G
2009	4831	1.1	2.9	6.1	9.9	11.6	14.9	15.5	13.9	10.1	6.7	4.7	2.1	0.3	0
2010	4387	2.1	4.0	7.4	11.2	14.1	15.3	14.7	11.5	7.7	5.4	4.1	2.2	0.4	0.0
2011	4819	1.6	3.4	6.9	11.7	14.3	16.7	14.6	12.2	7.6	4.8	3.8	1.8	0.6	0.0
2012	4153	1.9	4.5	7.5	10.1	11.6	13.2	13.8	11.2	9.5	6.6	5.3	4.0	0.6	0.2

Tábla 2: Na gráid a gnóthaíodh i scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta (Bonnleibhéal) 2009-12

2.3 Anailís ar Ghnóthachtáil na nIarrthóirí

2.3.1 An Bhéaltriall

Chruthaigh líon mór de na hiarrthóirí go maith sa chuid seo den scrúdú. Cuidíonn an t-ullmhúchán cuimsitheach go mór le hiarrthóirí Bonnleibhéil a bheith ar a suaimhneas sa scrúdú. Cuidíonn leagan amach na Béaltrialach, i.e. a bheith ag gluaiseacht go céimneach tomhaiste ó bhloc amháin go dtí an chéad bhloc eile, go mór le muinín a chothú sna hiarrthóirí agus iad a chur ar a gcompord.

- D'éirigh go maith leis na daltaí a rinne an cúrsa Bonnleibhéil i rith na bliana. Bhí cleachtadh agus réamh-ullmhúchán maith déanta acu. Níor éirigh chomh maith céanna leo siúd a roghnaigh an leibhéal seo ag an nóiméad deireanach toisc nach raibh taithí acu ar leagan amach na Béaltrialach ag an mBonnleibhéal.
- Bhí athrú ar Bhloc 3 agus ar Bhloc 4 in 2012. Bhí feabhas mór ar na freagraí i mBloc 3 thar bhlianta eile agus d'éirigh le líon maith iarrthóirí marc maith a ghnóthú anseo.
- Bhí caighdeán an-íseal ag cuid de na hiarrthóirí ag an leibhéal seo, áfach, go háirithe iarrthóirí nach raibh cleachtadh déanta acu ar na ceithre bhloc éagsúla. Ba bheag an tuiscint a bhí acu ar Ghaeilge bhunúsach agus bhí deacracht acu abairt iomlán a chur le chéile.
- Ba mhinic a tháinig deireadh tobann le bloc 4 i gcásanna áirithe. Bhí sé deacair ar scrúdaitheoirí caint a mhealladh as iarrthóirí áirithe faoi laethanta saoire agus faoi phost páirtaimseartha.

2.3.2 An Triail Chluastuisceana

Bhí an Triail Chluastuisceana ina cuid chomhtháite den scrúdú scríofa in 2012, an chéad uair a tharla sin ó tugadh isteach an Triail Chluastuisceana i 1995. Chabhraigh an socrú nua seo go mór lena chinntiú go raibh torthaí ar gach páirt den scrúdú le fáil i gcás céatadán níos airde de na hiarrthóirí ná riamh. D'éirigh go maith leis an gcuid ba mhó de na hiarrthóirí sa Triail Chluastuisceana. Bhí tromlach na n-iarrthóirí ábalta déileáil leis na saghsanna ceisteanna a cuireadh, bunaithe ar an bpíosa cainte a seinneadh. Bhí acu le rogha a dhéanamh idir ceithre phictiúr nó ceist ilroghnach a fhreagairt. Bhí deacracht ag líon áirithe iarrthóirí le Ceist 4 a bhain le treonna éagsúla a aimsiú.

2.3.3 Léamhthuiscint (Ceist 1, Ceist 2 agus Ceist 3)

Bhí an fhreagairt an-sásúil sa chuid seo den scrúdú. Gnóthaíodh marcanna arda go coitianta sa chuid seo. Bhí ar iarrthóirí sraith focal nó abairt ghearr a cheangal nó a mheaitseáil le pictiúr nó le léaráid i gCeist 1. I gCeist 2, tugadh litir, bróisiúr agus scéal nuachta; agus bhí ar na hiarrthóirí ceisteanna a fhreagairt ar dhá cheann acu. Bhí an fhreagairt ar chaighdeán an-ard sa cheist seo freisin. I gCeist 3, bhí ar iarrthóirí freagraí a thabhairt ar a rogha dhá cheann as alt nuachta, giota de thuairisc nó dán. Cé go raibh na píosaí sin níos faide agus níos deacra ná na ceisteanna eile bhí an chuid ba mhó de na hiarrthóirí in ann na freagraí cearta a aimsiú. Caithfear creidiúint a thabhairt do na hiarrachtaí a dhéantar sa chuid seo den scrúdú gach bliain. Beagnach gach iarrthóir a thugann faoin nGaeilge ag an leibhéal seo, cruthaíonn sé/sí go maith sa Léamhthuiscint. Bíonn na scileanna gabhchumais acu agus is féidir a rá, ar an ábhar sin, go bhfuil méid áirithe Gaeilge sealbhaithe acu, fiú más beagán féin é.

2.3.4 Scríobh na Teanga (Ceist 4 agus Ceist 5)

Trí cheist a bhíodh le freagairt roimhe seo sa chuid seo den scrúdú. Ní raibh ach dhá cheann le freagairt in 2012, agus laghdaíodh na marcanna dá réir ó 120 marc go 90 marc. I gCeist 4 iarradh ar na hiarrthóirí fógra a scríobh, bunaithe ar shonraí áirithe a tugadh dóibh, nó sonraí pearsanta a líonadh isteach ar fhoirm iarratais. Chruthaigh cuid mhaith de na hiarrthóirí go réasúnta maith sa cheist seo. Bheifí ag súil le caighdeán níos fearr sna freagraí seo, áfach, go speisialta dá ndéanfaí cleachtadh rialta orthu sa rang. Bíonn cuid mhór iarrthóirí ann nach n-éiríonn go maith leo i gCeist 5, áit a

lorgáítear cuntas leanúnach bunaithe ar phictiúr nó cur síos ar eachtra a léirítear i sraith pictiúr. Scileanna ginchumais atá in úsáid anseo, agus tá gá le cleachtadh rialta agus cur chuige céimneach má tá daoine le tabhairt faoin gcuid seo den scrúdú i slí shásúil. Arís tá gá le cleachtadh rialta sa rang.

2.4 Tátail

Ba lú an líon iarrthóirí a thug faoin scrúdú seo in 2012 ná mar a roghnaigh an leibhéal seo le blianta beaga anuas. Bhí na torthaí ag teacht leis an meán a bhí ann le cúig bliana anuas.

2.4.1 An Bhéaltriail

Na hiarrthóirí ar éirigh go maith leo sa scrúdú ba léir, go raibh taithí acu ar leagan amach an scrúdaithe agus cur amach acu ar struchtúr na mbloc.

2.4.2 An Triail Chluastuisceana

- Toisc gur cuid chomhtháite den scrúdú scríofa í an Triail Chluastuisceana agus toisc go ndéantar ag tús an scrúdaithe í, d'fhreagair na hiarrthóirí go léir an pháirt seo in 2012.
- Is léir go bhfuil máistreacht ar scil na héisteachta ag an-chuid iarrthóirí. Bhí an fhreagairt an-sásúil ag líon mór iarrthóirí.
- Ní bhíonn na tascanna éisteachta chomh dúshlánach sin agus cabhraíonn na ceisteanna ilroghnacha leis na hiarrthóirí ag an leibhéal seo. Éiríonn i bhfad níos fearr leo siúd a fhaigheann taithí ar an obair seo sa rang.

2.4.3 An Léamhthuiscint

Éiríonn go han-mhaith le han-chuid iarrthóirí sna trialacha Léamhthuisceana. Bíonn dóthain den teanga sealbhaithe acu le déileáil go han-mhaith le tascanna a bhaineann le haimsiú eolais as bróisiúir, fógraí, ailt nuachta agus dán gearr.

2.4.4 Scríobh na Teanga

Níor éirigh chomh maith céanna le hiarrthóirí ag an leibhéal seo sa scríobh; fiú cuid mhaith acu ar éirigh go maith leo sa Chluastuisceant agus sa Léamhthuiscint níor éirigh go maith leo sa chuid seo. Tá dream beag iarrthóirí ann a mbíonn deacracht mhór acu leas a bhaint as na spreagthaigh éagsúla ar an scrúdpháipéar agus iad ag iarraidh píosaí ceapadóireachta a sholáthar.

2.5 Moltaí do Mhúinteoirí agus do Dhaltaí

Tá na múinteoirí le moladh as an obair mhór atá ar siúl acu ag an mBonnleibhéal.

Tá na moltaí seo thíos á ndéanamh d'fhonn tacú leis an obair mhaith atá ar siúl cheana féin agus d'fhonn tógáil air.

- Tá an-tábhacht ag baint le cleachtadh cuí a dhéanamh go rialta ar na codanna éagsúla den scrúdú.
- Is é an t-ullmhúchán is fearr don Bhéaltrial ná an Ghaeilge a bheith mar theanga bheo sa seomra ranga agus sa scoil trí chéile. Éiríonn níos fearr leo siúd a mbíonn taithí acu ar leagan amach na Béaltrialach agus cur amach acu ar struchtúr na mbloc.
- Moltar an Ghaeilge a bheith mar mheán teagaisc agus mar mheán cumarsáide sa rang, straitéisí éagsúla a thriail leis an teagasc a chur chun cinn agus an fhoghlaim a dhéanamh chomh tarraingteach agus is féidir.
- Moltar freisin an obair ghrúpa a chleachtadh, ábhar spésiúil ó na meáin Ghaeilge a bheith in úsáid sa rang, agus an múineadh agus an teagasc a cheangal le saol laethúil na ndaltaí a oiread agus is féidir.
- Tá an-tábhacht ag baint le cleachtadh rialta a dhéanamh ar an gCluastuiscint sa seomra ranga.
- Ní hionann Gnáthleibhéal agus Bonnleibhéal. Tá múineadh agus cleachtadh faoi leith ag teastáil ón iarrthóir Bonnleibhéil (agus ó aon iarrthóir a d'fhéadfadh ATBL a dhéanamh ag an deireadh) maidir leis na tascanna léamhthuisceana agus leis an scríobh.
- Níor cheart Béarla a úsáid in aon chor in aon chuid den scríobh.
- Is cóir abairtí gearra cruinne a úsáid sa scríobh.
- Tá tuiscint ar uimhreacha, ar dhátaí agus ar mhíonna na bliana riachtanach.
- Tá réimse briathra ag teastáil mar aon le máistreacht ar na bunaimsirí.
- Ní mór do na hiarrthóirí cuimhneamh air nach mór fad áirithe a bheith sna freagraí ar na ceisteanna i Scríobh na Teanga agus go ngearrtar pionós nuair nach mbíonn dóthain focal sa fhreagra.
- Teastaíonn stór focal oiriúnach le haghaidh na dtopaicí ar fad atá ainmnithe ar an gcúrsa Bonnleibhéil.

- Ní mór na foirmlí Gaeilge maidir le beannú, seoladh, dáta agus críoch oiriúnach a bheith ar eolas ag na hiarrthóirí mar tá siad riachtanach don litir.
- Moltar go mór do na múinteoirí agus do na daltaí féachaint ar a bhfuil scríofa ag cigirí na Roinne Oideachais agus Scileanna ina dtuairiscí cigireachta atá ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne, www.education.ie. Dírítear aird na múinteoirí freisin ar an scéim mharcála agus ar na scrúdpháipéir atá ar fáil ar shuíomh gréasáin Choimisiún na Scrúduithe Stáit, www.examinations.ie.

3 An Gnáthleibhéal

3.1 Réamhrá

Is iad seo a leanas na comhpháirteanna de scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta ag an nGnáthleibhéal:

- (a) An Bhéaltriail
- (b) Páipéar 1
 - Triail Chluastuisceana
 - Ceapadóireacht
- (c) Páipéar 2
 - Léamhthuiscint
 - Prós
 - Filíocht

(a) An Bhéaltriail (triail chomónta don Ghnáthleibhéal agus don Ardleibhéal)

Mar a fógraíodh in Imlitir 0042/2007, méadaíodh riar na marcanna don Bhéaltriail ó 150 marc (25% de mhóriomlán na marcanna) go dtí 240 marc (40% de mhóriomlán na marcanna) ó 2012 ar aghaidh. Athraíodh leagan amach na Béaltrialach chomh maith.

Tá ceithre chuid sa bhéaltriail:

- Fáiltiú: 5 cheist le freagairt ar shonraí pearsanta an iarrthóra (5 mharc)
- Léamh na filíochta: Cuid de cheann amháin de na cúig dhán ainmnithe a léamh os ard (35 marc)
- Cur síos ar shraith pictiúr: Cur síos ar shraith pictiúr a roghnaítear go randamach as 20 sraith pictiúr, chomh maith le ceisteanna a chur agus a fhreagairt faoi na pictiúir (80 marc)
- Comhrá. (120 marc)

Fad: 15 nóiméad

(b) Páipéar 1

Triail Chluastuisceana

I ngeall ar an laghdú ar riar na marcanna don Triail Chluastuisceana (ó 120 marc go 60 marc) agus i ngeall ar an ngearradh siar dá réir ar an am, bhí an Triail

Chluastuisceana ina cuid chomhtháite de Pháipéar 1 in 2012 den chéad uair. Thosaigh Páipéar 1 leis an Triail Chluastuisceana agus mhair an triail fiche nóiméad.

Ceapadóireacht

Bíonn ar na hiarrthóirí dhá thasc a roghnú as ceithre cinn: Giota Leanúnach / Blag, Scéal, Litir / Ríomhphost, Comhrá.

(c) Páipéar 2

Ceist 1: Léamhthuisceant: Dhá pháiosa Léamhthuisceana ar 50 marc an ceann.

Ceist 2: Litríocht – Prós: Dhá cheist ar an bPrós (Prós Ainmnithe nó Prós Roghnach).

Ceist 3: Litríocht – Filíocht: Dhá cheist ar an bhFilíocht (Filíocht Ainmnithe nó Filíocht Roghnach).

3.2 Gnóthachtáil na nIarrthóirí

22,875 iarrthóir a thug faoin scrúdú Gaeilge ag an nGnáthleibhéal. B'ionann sin agus 53.2% den chohórt iomlán.

NA TORTHAÍ IOMLÁNA

	Líon	A1	A2	B1	B2	B3	C1	C2	C3	D1	D2	D3	E	F	N/G
2009	26016	0.7	3.4	8.2	13.2	15.6	15.2	12.6	9.8	7	5.1	4.8	3.5	0.8	0
2010	25906	0.4	2.8	7	12	14.8	15.2	13.3	10.6	7.9	5.6	5.3	4.3	0.7	0
2011	25221	0.8	3.9	8.8	12.5	14.9	14.1	12	9.4	7.8	5.5	5.1	4.2	1	0
2012	22875	0.6	2.3	5.9	10.6	14.3	15	13.8	11.7	9	6.9	5.6	3.6	0.7	0

Tábla 3: Na gráid a gnóthaíodh i scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta (Gnáthleibhéal) 2009-12

Cé go bhfuil torthaí 2012 ar aon dul, a bheag nó a mhór, leis na torthaí le blianta beaga anuas, thug an Príomhscrúdaitheoir faoi deara go raibh titim i gcaighdeán na freagartha sa Triail Chluastuisceana i gcomparáid leis an gcaighdeán le cúig bliana anuas. Ach bhí ardú beag sa ghnóthachtáil sa Cheapadóireacht agus gnóthachtáil an-sásúil sa Léamhthuisceant, áit a dtástáiltear scileanna gabhchumais seachas scileanna ginchumais.

3.3 Anailís ar Ghnóthachtáil na nIarrthóirí

3.3.1 An Bhéaltriail (240 marc)

Is triail chomónta í an Bhéaltriail Ghaeilge do na hiarrthóirí ag an nGnáthleibhéal agus ag an Ardleibhéal. Mar sin baineann an cur síos seo ar an ngnóthachtáil sa Bhéaltriail le hiarrthóirí a roghnaigh an Gnáthleibhéal **nó** an tArdleibhéal sa scrúdú scríofa.

Bhí an ghnóthachtáil an-sásúil sa Bhéaltriail. Thuairisc scrúdaitheoirí, monatóirí agus iad siúd a bhí páirteach i bpróiseas na nAchomharc, go raibh cuid mhór de na hiarrthóirí ar a suaimhneas ag gabháil do na codanna éagsúla den scrúdú, gur léir go raibh ullmhúchán ciallmhar fiúntach déanta, gur léir gurbh í an Ghaeilge an gnáthmheán teagaisc in an-chuid ranganna, agus nach amháin gur chabhraigh na hathruithe sa scrúdú leis an ngnóthachtáil ó thaobh na ngrád de ach, rud níos tábhachtaí fós, gur chabhraigh siad le sealbhú agus le húsáid na teanga, nithe a bhí níos daingne agus níos nádúrtha ná mar a bhí go dtí seo.

Fáiltiú – Sonraí Pearsanta

Ghnóthaigh céatadán ard de na hiarrthóirí na cúig mharc sa chuid seo den Bhéaltriail.

Aontaíodh gur rud maith é na ceisteanna seo a chur. Bhí cuma na simplíochta orthu agus thug siad seans do na hiarrthóirí socrú isteach sa scrúdú. Ní i gcónaí a freagraíodh rudaí i gceart, áfach. D’fhéadfadh na hiarrthóirí cúig mharc a ghnóthú réasúnta furasta ach na nithe seo a chleachtadh. Seans go gceapann siad go mbíonn siad ar eolas acu agus nach gá dóibh cúram a dhéanamh de na rudaí ‘simplí’.

An seoladh baile a bhíonn á lorg anseo. Ba cheart dhá mhír éagsúla ar a laghad – agus iad i nGaeilge – a bheith sa seoladh, agus ba chóir an contae a lua. I gcásanna áirithe, ní raibh na daltaí soiléir faoi cad a bhí á lorg sa fhreagra agus lean siad ar aghaidh ag cur síos orthu féin, ar a gclann, etc. Níor mhiste an ghné seo a mhíniú arís do na daltaí sna scoileanna. Bhí líon suntasach daltaí ann nach raibh in ann a scrúduimhir a rá go cruinn ó thaobh na gramadaí de, e.g. ‘Tá mo uimhir scrúdú 564321’.

Léamh na Filíochta

Ní raibh Léamh na Filíochta chomh maith is a bhíodh an léitheoireacht blianta eile. Seans gur caitheadh níos mó ama sa rang leis na sraitheanna pictiúr i mbliana agus nach ndearnadh dóthain cleachta ar léamh na filíochta. Bhí deacracht leis an dán ‘An Spailpín Fánach’ thar aon cheann eile. Bhí iarrthóirí ann nár éist i gceart le treoir an scrúdaitheora agus nár thuig nach raibh orthu ach dhá véarsa ar bith den dán ‘An Spailpín Fánach’ a léamh. (Féach an chéad leathanach de S.90/10 ar www.examinations.ie).

Ba cheart a mheabhrú do dhaltáí gur féidir marcanna arda a ghnóthú sa chuid seo den scrúdú má ullmhaíonn siad na dánta go maith. Tá na dánta le fáil ar dhlúthdhioscaí a ghabhann leis na téacsleabhair.

An tSraith Pictiúr

Ba léir go raibh réamhullmhúchán an-mhaith déanta ag na múinteoirí agus ag na hiarrthóirí sna seomraí ranga ar na sraitheanna pictiúr. Bhí céatadán maith de na hiarrthóirí in ann cur síos cuimsitheach leanúnach a dhéanamh ar an scéal sna pictiúir.

Bhí roinnt iarrthóirí ann a raibh deacrachtaí acu leis an tsraith pictiúr. Ba chosúil nach raibh an t-ullmhúchán cuí déanta acu agus bhí roinnt acu a rinne iarracht an-lag dá réir. Ba bheag abairt shlán a bhí ag cuid acu. Bhí siad in ann cumarsáid a dhéanamh ach bhí an Ghaeilge an-lochtach. Rinne cuid acu cur síos an-teoranta ar fad ar na pictiúir, e.g. ‘Tá beirt bhuachaill sa phictiúr.’ ‘Tá siad gáire.’ ‘Tá múinteoir sa phictiúr.’ ‘Tá an bus an Ghaeltacht.’ ‘Tá siad ag imirt peil.’

Ba bheag saibhreas a bhí ag na hiarrthóirí sin ó thaobh nathanna cainte nó briathra de. Bhí na focail chuí ag roinnt acu cuid den am ach bhí na struchtúir gramadaí lochtach. Ba léir go raibh iarrthóirí ann nach raibh a fhios acu cén réamhfhocail ba chóir a bheith ag leanúint an bhriathair, cuir i gcás, e.g. ‘ghabh sé buíochas an cailín’, ‘chabhraigh an buachaill an fear’, ‘caint an príomhoide an mháthair’, ‘thug sé airgead na buachaillí’. Bhain cuid mhaith iarrthóirí laga úsáid as aimsir láithreach an bhriathair ‘Bí’ chun cur síos a dhéanamh ar gach pictiúr gan aon bhriathar eile a úsáid. Bheifí ag súil le cúpla

briathar eile ar a laghad, san aimsir láithreach nó san aimsir chaite de réir mar a d’oirfeadh don ócáid: mhol / molann / labhair / labhraíonn / bhronn / bronnann, etc.

Bhí fadhbanna ag iarrthóirí áirithe ceisteanna a chur faoi na pictiúir. Ba cheart na ceisteanna a bheith bunaithe ar na pictiúir, de réir na dtreoracha. Ní i gcónaí a chloígh na hiarrthóirí leis na treoracha, áfach. Chuir siad ceisteanna mar ‘Conas a mhothaigh Mam, an dóigh leat?’, ‘An raibh tú féin i dTenerife?’, ‘Déan cur síos ar phictiúr a sé’, ‘Cad a tharla ina dhiaidh sin, dar leat?’ nó ‘Ar thaitin an pictiúr leat?’

Comhrá

Is mó an líon iarrthóirí ar éirigh go han-mhaith leo sa chuid seo den Bhéaltriail ná mar a tharla le tamall anuas. Ba dhóigh leis na scrúdaitheoirí gur dea-thionchar an chleachtais ranga a bhí anseo. Ba dhóigh leo gur mó an bhéim atá á cur anois ar labhairt na teanga, agus gurbh é a bhí le haithint anseo tionchar dearfach na hoibre go léir a rinneadh ar na sraitheanna pictiúr.

Tá na múinteoirí le moladh as an tsárobair atá ar siúl acu le labhairt na Gaeilge a chothú sna ranganna: an Ghaeilge a bheith mar mheán teagaisc, an chomhairle atá le fáil i dtuairiscí chigirí na Roinne a leanúint acu, agus iad ag úsáid ábhar samplach a dáileadh ag ócáidí inseirbhíse a d’eagraigh an tSeirbhís Tacaíochta Dara Leibhéal don Ghaeilge.

I gcás na n-iarrthóirí a ghnóthaigh na marcanna ab airde, b’fhearr an iarracht a rinne siad an chlaoninsint agus an modh coinníollach a úsáid go nádúrtha sa chaint acu. Ní chloistí an modh coinníollach roimhe seo ach amháin sna freagraí ar na ceisteanna a chuirtear chun an modh sin a thástáil. I dtaca leis an gclaoninsint de, thug an leagan amach nua ar an mBéaltriail deis do na hiarrthóirí an chlaoninsint a chleachtadh.

Luaigh na scrúdaitheoirí agus na monatóirí go raibh sé níos éasca na hiarrthóirí a chur faoi scrúdú sa chóras nua mar gheall ar an éagsúlacht gníomhaíochtaí cainte atá ag baint leis na míreanna éagsúla den scrúdú.

3.3.2 An Triail Chluastuisceana (60 marc)

Bhí na marcanna níos ísle sa Triail Chluastuisceana i mbliana tríd is tríd. Ní minic a gnóthaíodh níos mó ná 40 marc as an 60 marc a bhí ar fáil, dar le roinnt de na scrúdaitheoirí. Ba mhinic a bhí an litriú lag agus ba iad na focail ‘(Contae) Mhuineacháin’, ‘Déardaoin’, ‘iarpheileadóir’, ‘Dáil na nÓg’, ‘cos’, ‘samhradh’ agus ‘an Spáinn’ ba mhinice a bhí lag.

Ba léir go raibh iarrthóirí ann nár thuig an fhoclaíocht i roinnt de na ceisteanna. Luaigh na scrúdaitheoirí ‘Cad é an lá scoile ...?’, ‘Cén chuid dá chorp ...?’, ‘an searmanas’ agus ‘an ceiliúradh’ mar shamplaí den fhoclaíocht a bhí i gceist.

Moltar cleachtadh rialta a dhéanamh ar an Triail Chluastuisceana, agus í a bheith comhtháite leis na scileanna eile.

3.3.3 An Cheapadóireacht (100 marc)

A. Giota Leanúnach / Blag

Rinne a lán de na hiarrthóirí an cheist seo i mbliana. Bhain go leor iarrthóirí leas as ábhar a bhí réidh acu don Bhéaltriail, do na pictiúir go háirithe. Ba mhinic a bhí an stór focal geall le bheith foirfe acu. Go mion mhinic, áfach, agus iad ag freagairt A (i), rinneadh meascán idir ‘laethanta scoile’ agus ‘laethanta saoire’.

Ba mhinic a bhí an t-ábhar céanna le léamh in A(ii) agus C(i).

Bhí formhór na n-iarrachtaí ar A(iii) an-lag. Liostaí i mBéarla de chláir teilifíse a scríobhadh síos bunús an ama.

B. An Scéal

Roghnaigh i bhfad níos mó de na hiarrthóirí B(i) a fhreagairt ná mar a roghnaigh B(ii). Ba léir gur ábhar réamhullmhaithe a bhí in úsáid go minic agus d’éirigh le roinnt maith de na hiarrthóirí é a chur in oiriúint don teideal a roghnaigh siad. Níos minice ná a chéile, áfach, tarraingíodh *timpiste* isteach sa scéal. Ba deacair an ceangal idir an spreagadh agus an scéal a aimsiú uaireanta.

C. Litir / Ríomhphost

Roghnaigh tromlach mór na n-iarrthóirí an mhír seo. Rogha (i) ba choitianta ar fad. Chaill roinnt iarrthóirí marcanna toisc cur síos acu ar a bheith ag obair san Astráil seachas ar a bheith ag taisteal ar saoire.

Níor roghnaigh ach roinnt bheag iarrthóirí rogha (ii). Bhí a bhformhór ar ardchaighdeán.

D. An Comhrá

Céatadán beag de na hiarrthóirí a thug faoin mír seo.

Ba léir go raibh ábhar na gceisteanna an-oiriúnach dóibh agus bhí caighdeán ard sna freagraí.

3.3.4 Léamhthuiscint

D'éirigh go han-mhaith le han-chuid iarrthóirí sa Léamhthuiscint. Ba léir go raibh cleachtadh maith déanta ag na múinteoirí agus ag na hiarrthóirí ar an léamhthuiscint sna seomraí ranga. Fiú na hiarrthóirí ab ísle gnóthachtáil, bhí máistreacht acu ar na scileanna gabhchumais atá ag baint leis an léitheoireacht. B'airde go hiondúil na marcanna a gnóthaíodh ar Léamhthuiscint A ná ar Léamhthuiscint B.

Ba é an fhadhb ba choitianta sa chuid seo den scrúdú ná *Iomarcaíocht*, mar a thugtar uirthi sa scéim mharcála. Ní miste abairt nó, i gcorrachás, dhá abairt a chóipeáil as an téacs sa fhreagra ach má bhaintear níos mó ná sin as, gearrtar pionós ar an iarrthóir agus cailleann sé/sí marcanna.

- Bhí an Iomarcaíocht le feiceáil sna míreanna seo go háirithe:
A1(a) ; A.5(b) ; B.3(b) ; B.4(b) ; B.5(b)
- Bhí iarrthóirí ann nár thuig na ceisteanna 'Cén airde?' (B1), 'Cá mbíodh?' (B2) ná 'Cá fhad?' (B3).

3.3.5 Litríocht

Prós Ainmnithe / Roghnach

Bhí caighdeán na bhfreagraí níos ísle sa Phrós i mbliana ná le roinnt blianta anuas. Bhí céatadán suntasach de na hiarrthóirí nár thug faoin gceist seo in aon chor. Bhí iarrthóirí ann a ghnóthaigh marcanna maithe sa Chluastuiscint, sa Cheapadóireacht agus sa Léamhthuiscint ach nár bhac leis an gceist seo in aon chor.

Bhí freagraí ar cheist (a) sa Phrós Ainmnithe, an cheist faoi *Hurlamaboc*, lag go leor agus níor gnóthaíodh marcanna arda anseo. Bhí fadhb ag roinnt iarrthóirí leis na focail ‘gaol’ i mír (ii) agus ‘ullmhúcháin’ i mír (iv).

Bhí na freagraí ar cheist (b) sa Phrós Ainmnithe, an cheist faoi *Oisín i dTír na nÓg*, níos fearr de ghnáth ná na freagraí ar cheist (a) *Hurlamaboc*. Scríobh go leor de na hiarrthóirí freagra bunaithe ar an tréimhse a chaith Oisín in Éirinn tar éis dó filleadh as Tír na nÓg. Ba mhínic a scríobhadh achoimre ar an scéal go léir sna freagraí ach nuair a bhí go leor eolais sa fhreagra a bhain le hábhar na ceiste a cuireadh, ghnóthaigh na hiarrthóirí sin marcanna.

Maidir leis an bPrós Roghnach, ní bhfuarthas ach líon an-bheag freagraí agus bhí an caighdeán ard go ginearálta. Uaireanta, áfach, cé gur freagraíodh an cheist ar an ábhar roghnach, ábhar ón gcúrsa ainmnithe próis a bhí idir chamáin sa fhreagra. Níorbh fhéidir marcanna a bhronnadh sna cásanna sin.

3.3.6 Filíocht Ainmnithe / Roghnach

Gnóthaíodh marcanna maithe sna freagraí ar an bhFilíocht i mbliana. Bhí a lán iarrthóirí ann a ghnóthaigh iomlán na marcanna anseo (50 marc). Bhí iarrthóirí ann a ghnóthaigh marcanna an-íseal sa Phrós agus a bhain lánmharcanna amach sna ceisteanna ar an bhFilíocht.

Ba mhínic a freagraíodh ceist (a) níos fearr ná ceist (b).

Na freagraí ar (a) (ii), a bhain le mothúcháin, b’fhearr iad go mínic ná na freagraí ar (b) (ii), a bhain le híomhánna. Ba mhínic a bhí na freagraí ar na mioncheisteanna rófhada.

3.4 Tátail

3.4.1 An Bhéaltrial

- D'éirigh go maith leis na hiarrthóirí a raibh taithí acu ar labhairt na Gaeilge. Bhí siad ábalta comhrá nádúrtha a choimeád, bhí stór focal oiriúnach acu agus ba léir orthu go raibh taithí acu ar labhairt na teanga.
- Bhí an ghnóthachtáil ghinearálta an-sásúil sa Bhéaltrial. Bhí cuid mhór de na hiarrthóirí ar a suaimhneas ag gabháil do na codanna éagsúla den scrúdú. Ba léir go raibh ullmhúchán ciallmhar fiúntach déanta agus gurbh í an Ghaeilge an gnáthmheán teagaisc in an-chuid ranganna.
- Ba léir freisin gur chabhraigh na hathruithe ar an mBéaltrial le sealbhú agus le húsáid na teanga a chur ar bhonn níos forleithne agus níos nádúrtha ná mar a bhí go dtí seo.
- Chonacthas do na scrúdaitheoirí leis go raibh fiúntas ag baint leis na sraitheanna pictiúr mar áis le comhrá a chothú agus le struchtúir teanga a dhaingniú.
- Bhí deacrachtaí ag go leor iarrthóirí ceisteanna cruinne a chumadh.
- Ní raibh léamh na filíochta chomh maith agus a bhíodh an léitheoireacht blianta eile.

3.4.2 An Triail Chluastuisceana

- Ní raibh na marcanna ar an gCluastuisceant chomh hard leis an meán a bhí ann le cúig bliana anuas. Seans nár caitheadh an oiread céanna ama leis an obair sa rang toisc níos lú marcanna a bheith ag gabháil leis an gcuid seo anois.
- Bhí sé soiléir go raibh líon áirithe iarrthóirí ann nach raibh na focail cheistiúcháin ar eolas acu agus nach raibh ar a gcumas an chuid éisteachta den triail a láimhseáil go sásúil ach oiread.

3.4.3 An Cheapadóireacht

- Bhí feabhas le sonrú ar chaighdeán na bpíosaí Ceapadóireachta. Measadh gur tharla sé seo toisc béim bhreise a bheith curtha ar labhairt na teanga sa rang mar ullmhúchán don Bhéaltrial agus gur éirigh le hiarrthóirí ábhar a bhain leis an tsraith pictiúr a úsáid sa Cheapadóireacht.

3.4.4 An Léamhthuiscint

- Bhí caighdeán an-ard sa Léamhthuiscint, fiú ag iarrthóirí nach raibh máistreacht acu ar na páirteanna eile den scrúdpháipéar. Bhí beagnach gach iarrthóir ábalta marcanna maithe a ghnóthú nuair ba iad na scileanna gabhchumais a bhí in úsáid.

3.4.5 An Litríocht – An Prós agus An Fhilíocht

- Bhí titim ar chaighdeán na bhfreagraí agus ar an ngnóthachtáil sa Phrós. Seans nár caitheadh an oiread céanna ama ar an bPrós sa rang toisc béim bhreise ar ullmhú don Bhéaltriall.
- Ar an iomlán, bhí eolas cruinn sna freagraí ar an bhFilíocht.
- Bhíodh an dara ceist sa Phrós agus san Fhilíocht an-ghinearálta roimhe seo. Bhí na scrúdaitheoirí go mór i bhfabhar na gceisteanna nua a raibh fócas níos géire iontu ar ghnéithe ar leith de na saothar litríochta.
- Bhí na scrúdaitheoirí i bhfabhar an nóis gan aon rogha a thabhairt ar an gcuid seo den pháipéar. Cuireann sé iallach ar na hiarrthóirí ullmhúchán iomlán cuí a dhéanamh.

3.5 Moltaí do Mhúinteoirí agus do Dhaltaí

Is léir ar ardchaighdeán na n-iarrachtaí a cuireadh faoi bhráid na scrúdaitheoirí go bhfuil obair mhór ar siúl ag múinteoirí na tíre agus tréaslaítear an dea-obair leo. Tá na moltaí seo thíos á ndéanamh d'fhonn tacú leis an obair mhaith atá ar siúl cheana féin agus d'fhonn tógáil air.

- Beatha teanga í a labhairt. Is léir go bhfuil béim mhór á leagan ag na múinteoirí ar an gcumarsáid agus ar an gcaint sna ranganna. Níl bealach níos fearr le hullmhúchán fiúntach a dhéanamh don Bhéaltriail ná an Ghaeilge a bheith mar ghnáth-theanga chumarsáide an ranga agus na daltaí a bheith ag glacadh páirt ghníomhach sa phróiseas.
- Ba chóir do na daltaí cleachtadh rialta a dhéanamh ar na codanna go léir den Bhéaltriail. Is cóir gan neamhshuim a dhéanamh de chuid ar bith den scrúdú, fiú codanna a bhfuil cuma na simplíochta orthu, na sonraí pearsanta agus léamh na filíochta, mar shampla.
- Maidir le léamh na filíochta, ba cheart an ghné seo a bheith ina cuid lárnach de phlé na filíochta, an léamh a bheith comhtháite le múineadh na filíochta agus é a bheith sé mar chuid lárnach den straitéis ranga mar ní rud é ar féidir cúram a dhéanamh de tamall gearr roimh an mBéaltriail.
- Ba cheart do na múinteoirí agus do na daltaí cleachtadh a dhéanamh ar cheisteanna a chumadh. Ní miste ceisteanna simplí a chur ach iad a bheith cruinn.
- Moltar do na múinteoirí agus do na daltaí a bheith ag éisteacht le Raidió na Gaeltachta agus ag féachaint ar TG4 chun dul i dtaithí ar na canúintí a bhíonn le cloisteáil sa Triail Chluastuisceana.
- Agus iad ag ullmhú don Triail Chluastuisceana, ba chóir do na daltaí féachaint chuige le litriú na bhfocal bunúsach a bhíonn sna trialacha go minic (dátaí, uimhreacha, poist, laethanta na seachtaine, na míonna, na séasúir, na contaetha, tíortha, etc.) a fhoghlaim.
- Ba chóir béim a chur ar na heochairfhocail agus ar na foirmeacha ceisteacha a bhíonn sa Triail Chluastuisceana a fhoghlaim.
- Ní cóir cúpla freagra a thabhairt ar cheist sa Triail Chluastuisceana nuair nach gá ach freagra amháin. Ní féidir marcanna a bhronnadh má thugtar breis agus freagra amháin agus mura léir gur thuig an t-iarrthóir cé acu freagra díobh an freagra ceart.

- Is cóir teidil na ngiotaí ceapadóireachta a léamh go cúramach agus baint a bheith ag an bhfreagra leis an teideal. Caillfear marcanna mura mbíonn an freagra *ad rem*.
- Ní cóir a bheith ag brath ar aistí ná ar ghiotaí ceapadóireachta a cuireadh de ghlanmheabhair. Is minic nach mbíonn iomlán na bhfreagraí *ad rem* nuair a dhéanann iarrthóirí amhlaidh.
- I dtaca le Ceist B (An Scéal) sa Cheapadóireacht, is cóir ceangal soiléir a bheith idir an spreagadh ar an scrúdpháipéar agus an scéal a scríobhtar.
- Is iad seo na lochtanna gramadaí is minice a fheictear sna freagraí: aimsirí na mbriathra a bheith míchruinn, míchruinneas in úsáid na réamhfhocal, míchruinneas in úsáid fhorainmneacha réamhfhoclacha, míchruinneas in úsáid na copaile.
- Cur amú ama is ea freagraí fada ar mhioncheisteanna nach bhfuil níos mó na cúpla marc ag gabháil leo. Is minic a thugtar freagraí fada ar na mioncheisteanna faoin bPrós agus faoin bhFilíocht.
- I gcás go bhfreagraíonn na hiarrthóirí ceisteanna ar an bPrós Roghnach, is cóir dóibh a bheith cinnte agus freagairt ar an genre ceart – sliocht as *úrscéal* nó as *scéal béaloidis* nó as *dráma*, etc. Ní féidir marcanna a bhronnadh nuair nach mbíonn an genre san fhreagra ag teacht leis an genre a luaitear sa cheist.
- Moltar go mór do na múinteoirí agus do na daltaí féachaint ar a bhfuil scríofa ag cigirí na Roinne Oideachais agus Scileanna ina dtuairiscí cigireachta atá ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne, www.education.ie. Dírítear aird na múinteoirí freisin ar an scéim mharcála agus ar na scrúdpháipéir atá ar fáil ar shuíomh gréasáin Choimisiún na Scrúduithe Stáit, www.examinations.ie.

4 An tArdleibhéal

4.1 Réamhrá

Is iad seo i leanas na comhpháirteanna de scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta ag an Ardleibhéal:

- (a) An Bhéaltrial (240 marc = 40%)
 - (b) Páipéar 1
 - Triail Chluastuisceana (60 marc = 10%)
 - Ceapadóireacht (100 marc)
 - (c) Páipéar 2
 - Léamhthuisct
 - Prós Ainmnithe nó Prós Roghnach
 - Filíocht Ainmnithe nó Filíocht Roghnach
 - Litríocht Bhreise

(a) An Bhéaltrial (trial chomónta don Ghnáthleibhéal agus don Ardleibhéal)

Mar a fógraíodh in Imlitir 0042/2007, méadaíodh riar na marcanna don Bhéaltrial ó 150 marc (25% de mhóriomlán na marcanna) go dtí 240 marc (40% de mhóriomlán na marcanna) ó 2012 ar aghaidh. Athraíodh leagan amach na Béaltrialach chomh maith.

Tá ceithre chuid sa bhéaltrial:

- Fáiltiú: 5 cheist le freagairt ar shonraí pearsanta an iarrthóra (5 mharc)
- Léamh na filíochta: Cuid de cheann amháin de na cúig dhán ainmnithe a léamh os ard (35 marc)
- Cur síos ar shraith pictiúr: Cur síos ar shraith pictiúr a roghnaítear go randamach as 20 sraith phictiúr, chomh maith le ceisteanna a chur agus a fhreagairt faoi na pictiúir (80 marc)
- Comhrá. (120 marc)

Fad: 15 nóiméad

(b) Páipéar 1

Triail Chluastuisceana

I ngeall ar an laghdú ar riar na marcanna don Triail Chluastuisceana (ó 100 marc go 60 marc) agus i ngeall ar an ngearradh siar dá réir ar an am, bhí an Triail Chluastuisceana ina cuid chomhtháite de Pháipéar 1 in 2012 den chéad uair. Thosaigh Páipéar 1 leis an Triail Chluastuisceana agus mhair an triail fiche nóiméad.

Ceapadóireacht

Bíonn ar na hiarrthóirí dhá thasc a roghnú as ceithre cinn: Aiste, Scéal, Alt Nuachtáin / Irise agus Díospóireacht /Óráid.

(c) Páipéar 2

Ceist 1: Léamhthuisceint: Dhá pháiosa Léamhthuisceana ar 50 marc an ceann.

Ceist 2: Litríocht – Prós: Ceist amháin ar an bPrós (Prós Ainmnithe nó Prós Roghnach).

Ceist 3: Litríocht – Filíocht: Ceist amháin ar an bhFilíocht (Filíocht Ainmnithe nó Filíocht Roghnach).

Ceist 4: Litríocht Bhreise: Ceist amháin.

4.2 Gnóthachtáil na nIarrthóirí

15937 iarrthóir a thug faoin scrúdú Gaeilge ag an Ardleibhéal. B'ionann sin agus 37.2% den chohórt iomlán.

NA TORTHAÍ IOMLÁNA

	Líon	A1	A2	B1	B2	B3	C1	C2	C3	D1	D2	D3	E	F	NG
2009	14796	5.8	7.8	10.3	12.6	14.1	13.9	11.9	10.4	6.6	3.9	2.3	0.6	0.1	0
2010	14649	4.8	7.2	9.0	11.2	12.4	13.0	12.7	10.9	8.2	6	3.4	1.1	0	0
2011	14358	5.7	8.2	10.5	12.1	12.9	12.5	11.8	10.2	7.3	4.9	2.9	1	0	0
2012	15937	7.3	10.1	11.3	12.6	13.0	12.5	11.0	9.4	6.6	3.5	2	0.6	0.1	0

Tábla 4: Na gráid a gnóthaíodh i scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta (Ardleibhéal) 2009-12

4.3 Anailís ar Ghnóthachtáil na nIarrthóirí

4.3.1 An Bhéaltrial

Is triail chomónta í an Bhéaltrial Ghaeilge do na hiarrthóirí ag an Ardleibhéal agus ag an nGnáthleibhéal. Féach Roinn 3.3.1 ar leathanach 15.

4.3.2 An Triail Chluastuisceana

Bhí na torthaí ar an Triail Chluastuisceana níos ísle i mbliana ná blianta eile. Bhí a lán iarrthóirí ann a ghnóthaigh idir 3 mharc agus 16 mharc as 60 marc. Blianta eile bhí an Triail Chluastuisceana ina cuidiú mór ag iarrthóirí a fuair grád ard; a mhalairt a bhí fíor i mbliana.

Bhí caighdeán na bhfreagraí sa Triail Chluastuisceana níos ísle in 2012 ná mar a bhí le blianta beaga anuas. Bhí na freagraí breac le drochlitriú, fiú amháin ag na hiarrthóirí láidre. Mheas na scrúdaitheoirí nár caitheadh dóthain ama ar an Triail Chluastuisceana sa rang toisc níos lú marcanna a bheith ag gabháil léi agus níos lú ama a bheith ar fáil di sa scrúdú, agus go raibh a thoradh sin le haithint ar an bhfreagairt.

Bhí an fhreagairt ar Fhógra 1 réasúnta maith. Bhí fadhb ag go leor iarrthóirí leis an bhfocal ‘bráithre’ agus leis an líon ceart daltaí (355) a aimsiú i gceist 1(b). Maidir le Fógra 2, bhí céatadán maith iarrthóirí ann a raibh deacracht acu leis na focail ‘Eorpach’ agus ‘teangacha’ i gCeist 1 agus le hainm an leabhair (*An tOileánach*) i gCeist 4.

Bhain an t-ábhar i gComhrá 1 le taighde a rinneadh faoi dhearcaidh daoine óga in Éirinn. Bhí an fhreagairt anseo measartha maith. Maidir le Comhrá 2, bhí an fhreagairt anseo lag agus go leor deacrachtaí ag líon ard iarrthóirí na pointí cearta eolais a aimsiú. Bhí an claonadh ann eolas cruinn agus míchruinn a chur san fhreagra céanna. Ba mhinic a bhí deacrachtaí ag na hiarrthóirí leis na focail seo a leanas sa chomhrá: ‘curiarracht’, ‘cráite’ agus ‘scoláireacht’. Bhí fadhb ag céatadán ard de na hiarrthóirí le hainm an bhaile ‘An tInbhear Mór’.

Seoladh leabhair agus iarracht ag Comharchumann Inis Meáin daonra an oileáin a mhéadú ab ábhar don dá pháirt nuachta. Bhí an fhreagairt anseo an-lag agus fiú

nuair a bhí ag freagra ceart ag na hiarrthóirí ba mhinic a bhí deacrachtaí ag go leor acu leis an litriú i gcásanna áirithe, e.g. ‘Ollscoil na Banríona’ i bPíosa 1, Ceist 1 agus ‘léachtóir’ i gCeist 2. I bPíosa 2, bhí fadhb ag iarrthóirí áirithe leis na focail ‘Comharchumann’ agus ‘daonra’. San uimhir theileafóin, meascadh ‘0’ agus ‘9’ uaireanta.

4.3.3 Ceapadóireacht

Sa Cheapadóireacht, ba iad na teidil i Roinn A - Aiste rogha na coitiantachta. Thug na hiarrthóirí faoi A (b) níos minice ná faoi aon ábhar eile cé gur scríobhadh faoi gach ceann de na naoi n-ábhar a bhí ar an bpáipéar. Bhí an-éagsúlacht caighdeán sa fhreagairt i gcás na ceapadóireachta, idir fhreagraí breátha cuimsitheacha ina raibh Gaeilge shaibhir chruinn agus fhreagraí laga a bhí gann ar aon iarracht le hábhar an teidil a ionramháil, gan iontu ach stór focal teoranta agus gramadach mhíchruinn. Céatadán maith de na hiarrthóirí ar éirigh leo marcanna maithe a bhaint amach, bhí an chosúlacht ar a gcuid freagraí go raibh cuid den ábhar réamhullmhaithe acu. Ní chuidíonn sé mórán le hiarrthóirí sleachta réamhullmhaithe a bheith de ghlanmheabhair acu, áfach, murar féidir leo an t-ábhar a chur in oiriúint don teideal lá an scrúdaithe. Ní mór baint a bheith idir an teideal a roghnaítear agus an t-ábhar a scríobhtar le marcanna a ghnóthú.

Níor roghnaigh ach fíorbheagán an Scéal i mbliana. Luaigh na scrúdaitheoirí caighdeán lag Gaeilge a bheith ag cuid mhaith de na hiarrthóirí, easpa cumais i láimhseáil bhunstruchtúir na teanga, easpa eolais ar aimsirí na mbriathra agus ar cheartúsáid na copaille. Ba mhinic a bhí difear mór le sonrú idir caighdeán na Gaeilge sa cheapadóireacht agus caighdeán na Gaeilge i gcodanna eile de script an iarrthóra chéanna.

4.3.4 Léamhthuiscint

Ba léir ar an bhfreagairt sa Léamhthuiscint go raibh tromlach na n-iarrthóirí ábalta dul i ngleic leis an dá pháirt léamhthuisceana. D’éirigh le líon ard iarrthóirí na pointí eolais cuí a aimsiú sna sleachta i gcás na gceisteanna 1-5. Bhí an tsaoirse ag na hiarrthóirí na freagraí a scríobh amach díreach ón sliocht nó iad a scríobh ina bhfocail féin sna

ceisteanna sin. Gnóthaíodh marcanna an-mhaith sa chuid seo den scrúdú. Ba mhinic a fágadh an dara cuid de cheist (b) gan déanamh, áfach.

D'éirigh le céatadán maith de na hiarrthóirí samplaí cearta den bhriathar saor san aimsir láithreach agus san aimsir chaite a aimsiú sna ceisteanna gramadaí sa dá léamhthuisct, Ceist 6 (a). Bhí deacrachtaí ag céatadán maith de na hiarrthóirí leis na ceisteanna céanna, áfach, iarrthóirí nár éirigh leo samplaí cruinne d'ainmfhocail sa ghinideach iolra agus uatha a aimsiú sna sleachta.

Ba i gCeist 6 (b) sa dá léamhthuisct ba mhó a léirigh na hiarrthóirí an cumas Gaeilge a bhí acu. Rinne an cheist seo idirdhealú idir na hiarrthóirí a raibh tuiscint mhaith acu ar éirim an tsleachta agus na hiarrthóirí nach raibh tuiscint chomh maith céanna acu. Bhí na hiarrthóirí cumasacha in ann a n-ábaltacht i gcruinnláimhseáil na teanga a úsáid lena dtuiscint ar éirim an tsleachta a thaispeáint.

4.3.5 Litríocht

Prós Ainmnithe / Roghnach

Bhí an-éagsúlacht caighdeán sna freagraí ar an gceist faoi *Hurlamaboc*. Léiríodh sáreolas ar fhírí an tsleachta i roinnt mhaith freagraí. I bhfreagraí eile, áfach, níor dhírigh na hiarrthóirí ar phlé a dhéanamh ar an ráiteas ar an scrúdpháipéar.

Cheap na scrúdaitheoirí go mb'fhéidir gur cuireadh béim ar an teanga bheo sna ranganna agus nár cuireadh go leor béime ar an litríocht. Chomh maith leis sin, chonaic beagnach gach scrúdaitheoir scrípteanna inar roghnaigh an t-iarrthóir an cheist ar an bPrós Roghnach (Ceist 2B) a fhreagairt agus inar phléigh sé/sí téacs atá ar an gCúrsa Ainmnithe. Níorbh fhéidir marcanna a bhronnadh sna cásanna sin.

Filíocht Ainmnithe / Roghnach

Sna freagraí ar Cheist 3A, bhí na hiarrthóirí in ann go leor *íomhánna* a aimsiú ach ba bheag an plé a rinne siad orthu ná ar an *úsáid éifeachtach* a bhain an file astu *chun a bhfuil ina chroí istigh a nochtadh dúinn*. Ní raibh ach céatadán an-bheag de na hiarrthóirí in ann déileáil leis na *fuaimeanna*. Ba bheag eolas a bhí ag iarrthóirí áirithe ar shaol ná ar shaothar an fhile. Bhí go leor de na freagraí lag agus easnamhach anseo.

D'fhreagair roinnt iarrthóirí an cheist faoin bhFilíocht Roghnach (Ceist 3B) ach phléigh cuid acu dánta as an gCúrsa Ainmnithe Filíochta. Níorbh fhéidir marcanna a bhronnadh sna cásanna sin.

4.3.6 Litríocht Bhreise

Ba mhíne a scríobhadh faoin dráma *An Triail* ná faoi aon saothar eile sa chuid seo den scrúdú. Bhí líon mór iarrachtaí anseo a bhí ar fheabhas agus moltar an dianstaidéar cuimsitheach a bhí déanta ar an dráma.

Ba í an cheist ar *A Thig ná Tit Orm* an dara ceann ba mhó a freagraíodh. Scríobh líon ard iarrthóirí freagraí cuimsitheacha anseo ach i bhfreagraí áirithe, níor pléadh ach gné amháin de shaol an údair, rud a d'fhág an ghnóthachtáil íseal i bhfreagraí mar sin.

Roghnaigh líon beag iarrthóirí an cheist ar *Tóraíocht Dhiarmada agus Ghráinne* agus bhí an chuma air go raibh na hiarrthóirí sin ar a gcompord sna freagraí a thug siad.

D'fhreagair líon beag iarrthóirí an cheist ar *Gafa* ach ní bhfuarthas aon fhreagra ar *Canary Wharf*.

Maidir le Ceist 4F ar na Dánta Breise (*A Chlann*), b'annamh a freagraíodh an cheist seo agus bhí an-éagsúlacht caighdeán san fhreagairt. Bhí claonadh ag iarrthóirí an-chur síos a dhéanamh ar an bpríomhthéama ach bhí go leor de na freagraí easnamhach i dtaca le léargas ar an gcaoi a ndéantar an príomhthéama a léiriú. Bhí an caighdeán íseal sna freagraí ar mhír (iii).

4.4 Tátail

4.4.1 An Bhéaltrial

- D'éirigh go maith leis na hiarrthóirí a raibh taithí acu ar labhairt na Gaeilge. Bhí siad ábalta comhrá nádúrtha a choimeád leis an scrúdaitheoir agus bhí stór maith focal acu.
- Bhí an ghnóthachtáil ghinearálta an-sásúil sa Bhéaltrial. Bhí cuid mhór de na hiarrthóirí ar a suaimhneas ag gabháil do na codanna éagsúla den scrúdú. Bhí líon mór iarrthóirí ann a chruthaigh go han-mhaith san Fháiltiú, i Léamh na Filíochta agus sa phlé faoin tsraith pictiúr. Bhí sé soiléir go raibh ullmhúchán ciallmhar fiúntach déanta acu agus gurbh í an Ghaeilge an gnáthmheán teagaisc in an-chuid ranganna.
- Bhí sé soiléir freisin gur chabhraigh na hathruithe ar an mBéaltrial le sealbhú agus le húsáid na teanga a chur ar bhonn níos forleithne agus níos nádúrtha ná mar a bhí go dtí seo.
- Chonacthas do na scrúdaitheoirí leis go raibh fiúntas ag baint leis na sraitheanna pictiúr mar áis le comhrá a chothú agus le struchtúir teanga a dhaingniú.
- Bhí deacrachtaí ag go leor iarrthóirí ceisteanna cruinne a chumadh.
- Ní raibh léamh na filíochta chomh maith is a bhíodh an léitheoireacht blianta eile.

4.4.2 An Triail Chluastuisceana

Bhí sé soiléir go raibh líon áirithe iarrthóirí ann a raibh deacrachtaí acu leis an gcuid seo den scrúdú. Níl bealach níos éifeachtaí le hullmhúchán a dhéanamh don chuid seo den scrúdú ná na scileanna a bhaineann leis an Triail Chluastuisceana a chleachtadh go rialta sa rang agus a bheith ag éisteacht le píosaí dílse ó na meáin chraolta Gaeilge. Cleachtadh a dhéanann máistreacht.

Bhí sé soiléir freisin nach raibh na focail cheistiúcháin ar eolas ag iarrthóirí áirithe agus bhí litriú míchruinn coitianta san freagraí.

4.4.3 An Cheapadóireacht

Chuir cuid mhór iarrthóirí píosaí maithe ceapadóireachta ar fáil. Níor éirigh chomh maith céanna le gach iarrthóir, áfach. Fuarthas ailt a bhí curtha de ghlanmheabhair ag iarrthóirí agus a scríobhadh faoi cheann de na teidil gan aon bhaint a bheith acu le hábhar an teidil. Tá gá le hullmhúchán don cheapadóireacht agus is maith is fiú stór

focal agus nathanna cainte a chur de ghlanmheabhair. Ní mór dóibh a bheith *ad rem* nuair a úsáidtear iad, áfach, mar mhaithe le ginchumas an iarrthóra a léiriú sa cheapadóireacht.

Bhí roinnt mhaith iarrachtaí laga ann agus an chuma orthu go raibh said teoranta ó thaobh smaointe cuí, stór focal oiriúnach agus gramadach chruinn de. Ba mhinic a bhí comhréir na n-abairtí míchruinn agus, ar an ábhar sin, nach raibh dul na Gaeilge ar an méid a scríobhadh.

4.4.4 An Léamhthuiscint

Tá gá le cleachtadh a dhéanamh go leanúnach sna ranganna ar mhíreanna gramadaí a aimsiú i bpíosaí scríbhneoireachta. I gcás Léamhthuiscint B, 6(b), bhí sé soiléir go raibh a lán iarrthóirí ann nach raibh cur amach maith acu ar stíleanna difriúla scríbhneoireachta.

4.4.5 An Prós

Bhí freagraí breátha ag céatadán maith de na hiarrthóirí agus ba léir go raibh dianstaidéar déanta acu ar an téacs. Bhí iarrthóirí ann, áfach, nár thug aird ar na ráitis ar an scrúdpháipéar agus nár scríobh ach achoimre lom ar an téacs.

4.4.6 An Fhilíocht

Bhí go leor iarrthóirí ann nár dhírigh i gceart ar an gceist ar an scrúdpháipéar agus nár chuir a gcuid eolais ar an dán in oiriúint do na ceisteanna.

4.4.7 Litríocht Bhreise

Toisc nach n-iarrtar ar na hiarrthóirí ach staidéar a dhéanamh ar théacs breise amháin, bítear ag súil leis go mbeidh dianstaidéar déanta acu ar an téacs agus go léireoidh a bhfreagraí eolas cruinn ar an téacs. Bhí freagraí cuimsitheacha ag líon maith de na hiarrthóirí, rud a thaispeáin go raibh mioneolas acu ar ábhar an téacs. I bhfreagraí eile, bhí an t-eolas róghinearálta agus easnamhach, nó míchruinn fiú amháin.

4.5 Moltaí do Mhúinteoirí agus do Dhaltaí

Is léir ar ardchaighdeán na n-iarrachtaí a cuireadh faoi bhráid na scrúdaitheoirí go bhfuil obair mhór ar siúl ag múinteoirí na tíre agus tréaslaítear an dea-obair leo. Tá na moltaí seo thíos á ndéanamh d'fhonn tacú leis an obair mhaith atá ar siúl cheana féin agus d'fhonn tógáil air.

- Is tábhachtach seans a thabhairt do na daltaí an Ghaeilge a labhairt go nádúrtha agus a chloisteáil gach lá sa seomra ranga agus mura féidir leis an múinteoir féin é sin a dhéanamh meán cumarsáide éigin a úsáid chun é sin a sholáthar.
- Ní mór don dalta cleachtadh a dhéanamh ar léamh, ar litriú agus ar fhuaimniú ceart na Gaeilge.
- Is cóir iarraidh ar na daltaí mórphointí an ábhair a scríobh síos is cuma cén chuid den siollabas atá á plé, aiseolas ó bhéal a lorg ar dhaltaí éagsúla is cuma cén t-ábhar atá idir lámha, béim a chur ar rudaí a rá ar shlite éagsúla, scil na héisteachta agus na cainte a chomhtháthú le chéile níos mó mar bíonn an dá scil fite fuaite ina chéile i ngach aon chomhrá.
- Ná stophtar an dlúthdhiosca i lár Triail Chluastuisceana sa rang le deacracht a mhíniú. Ní mór cleachtadh a bheith ag na daltaí ar iarracht a dhéanamh na deacrachtaí a réiteach dóibh féin le linn iad a bheith ag éisteacht leis an taifeadadh agus ag léamh na gceisteanna scríofa.
- Cuirtear béim ar na focail cheisteacha.
- Déantar nasc idir na ceisteanna sa Triail Chluastuisceana agus na ceisteanna faoin tsraith pictiúr don Bhéaltrial.
- Ba cheart go mbeadh uimhreacha, dátaí, airgead, contaetha, na ceantair Ghaeltachta agus logainmneacha ar eolas ag na daltaí.
- Iarrtar ar dhaltaí abairtí a chumadh gan a bheith ag dul i muinín an aistriúcháin díreach ón mBéarla.
- Is tábhachtach cleachtadh a dhéanamh ar scríobh na Gaeilge sa seomra ranga gach seachtain, alt nó dhó a scríobh ar ábhar a d'ullmhófaí le linn na seachtaine ó thaobh stór focal, aimsirí na mbriathra agus struchtúir na Gaeilge de.

- Ba chóir béim a leagan ar ghramadach na Gaeilge, is é sin ainmfhocail, an tuiséal ginideach, aidiachtaí, aimsirí na mbriathra idir rialta agus neamhrialta, cruinnúsáid na copaile, comhréir nádúrtha na Gaeilge, etc.
- Moltar do mhúinteoirí a chomhairliú dá gcuid daltaí foclaíocht na gceisteanna a léamh go cúramach agus díriú i gcónaí ar an eolas a éilítear.
- Is cóir na daltaí a ghríosú lena dtuairimí féin a bhreacadh síos agus gan a bheith i dtuilleamaí tuairimí seanchaite daoine eile i gcónaí. Moltar do na daltaí cleachtadh a bheith acu ar a gcuid smaointe féin a chur i láthair go tomhaiste soiléir le súil is go bhféadfaí úsáid a bhaint astu sa scrúdú.
- Moltar go mór do na múinteoirí agus do na daltaí féachaint ar a bhfuil scríofa ag cigirí na Roinne Oideachais agus Scileanna ina dtuairiscí cigireachta atá ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne, www.education.ie. Dírítear aird na múinteoirí freisin ar an scéim mharcála agus ar na scrúdpháipéir atá ar fáil ar shuíomh gréasáin Choimisiún na Scrúduithe Stáit, www.examinations.ie.